



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 19 Eanáir 2018
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0012 (COD)

5454/18
ADD 4

TRANS 20
MAR 9
ENV 30
CODEC 59
IA 19

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	18 Eanáir 2018
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	SWD(2018) 22 final
Ábhar:	DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le saoráidí glactha calafoirt don seachadadh dramhaíola ó longa, lena n-aisghairtear Treoir 2000/59/CE agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE agus Treoir 2010/65/AE

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2018) 22 final.

Faoi iamh: SWD(2018) 22 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 16.1.2018
SWD(2018) 22 final

DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

a ghabhann leis an doiciméad

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le saoráidí glactha calafoirt don seachadadh dramhaíola ó longa, lena n-aisghairtear Treoir 2000/59/CE agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE agus Treoir 2010/65/AE

{COM(2018) 33 final} - {SWD(2018) 21 final}

Bileog Achoimre Feidhmiúcháin (2 leathanach ar a mhéad)
Measúnú tionchair ar athbhreithniú Threoir 2000/59/CE maidir le saoráidí glactha calafoirt don dramhaíl a ghintear ar bord loinge agus d'iarthar lasta
A. An gá atá le beart
Cén fhadhb atá ann agus cén fáth ar fadhb í ar leibhéal an Aontais?
1. Sceitheadh dramhaíola ar muir, a bhfuil tionchar diúltach aige ar an muirthimpeallacht. Meastacháin bhliantúla: 31 000 m³ de dhramhaíl ola, Múnlach: 136 000 m³ agus Bruscar: 60 000 – 300 000 tona. 2. Ualach riaracháin (costas measta EUR 127m/bliain) a bhaineann le cur chun feidhme na Treorach, a imreoidh tionchar diúltach ar oibríochtaí iompair mara.
Cad é ba cheart a bhaint amach?
1. An comhshaol muirí a chosaint trí bhíthin laghdú a dhéanamh ar sceitheadh dramhaíola ar muir a ghintear ar bord loinge agus cur le cuspóirí leathana an gheilleagair chiorclaigh; 2. Oibríochtaí muirí a éascú trí bhíthin an t-ualach riaracháin a laghdú.
Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (coimhdeacht)?
Tá gá le beart ar leibhéal AE chun: - Rialacha arna n-aontú go hidirnáisiúnta (MARPOL) a chur chun feidhme ar bhealach comhchuibhithe chun dul i ngleic le fadhb an truaillithe ó longfhoinsí; - Cothroime iomaíochta a chur ar fáil do chalafoirt agus d'úsáideoirí calafoirt, ionas go dtiocfaidh méadú ar iomaíocht san earnáil.
B. Réitigh
Cad iad na roghanna chun go bhféadfar na cuspóirí a bhaint amach? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Mura bhfuil, cén fáth atá leis sin?
Rogha 1: Cás bonnlíne Rogha 2: Athbhreithniú íosta: tionscnaimh spriocdhírthe agus coigeartuithe dlíthiúla gonta; Rogha 3: Ailíniú MARPOL: tuilleadh ailínithe le MARPOL, agus aird ar sceitheadh neamhdhleathach dramhaíola ar muir. Cigireachtaí Saoráidí Glactha Calafóirt a ionchorprú i Rialú Stáit ar Chalafoirt; Rogha 4: Réimeas AE um Shaoráidí Glactha Calafóirt (PRF) thar MARPOL: réimeas PRF a neartú thar MARPOL: seachadadh éigeantach don dramhaíl <i>ar fad</i> ó longa; Roghanna malartacha 3B agus 4B: Bruscar Muirí: aghaidh a thabhairt go háirithe ar fhadhb an bhruscair muirí ó longa. Seasamh na soitheach iascaireachta agus na n-árthach áineasa faoin Treoir a athshainiú. Is í rogha 3b (ailíniú MARPOL le haird bhreise ar bhruscar muirí) an rogha tosaíochta.
Cad iad na tuairimí atá ag na geallsealbhóirí? Cé a thacaíonn leis na roghanna éagsúla?
Cuireann na geallsealbhóirí uile fáilte roimh an athbhreithniú agus tá siad i bhfabhar tuilleadh comhchuibhithe ar na rialacha ar leibhéal AE. - Tá roinnt Calafort ag cur in aghaidh na táille indírlí de 100 % ar bhruscar agus b'fhearr leo na príomhphrionsabail aisghnóthaithe costas a athchóiriú chun éifeachta (PO 3 agus PO 4). - Tá úsáideoirí calafoirt ag iarraidh tuilleadh trédhearcachta maidir leis na táillí dramhaíola, nósanna imeachta comhairliúcháin níos fearr agus comhchuibhiú an réimis díolúine (PO 3 agus PO 4) - Tá formhór na ngeallsealbhóirí i bhfabhar tuilleadh ailínithe le MARPOL (raon feidhme agus sainmhínithe) (PO 3) Toisc go dtugann Rogha 3B an dá chuspóir ghinearálta le chéile, is í sin rogha fhormhór na ngeallsealbhóirí.
C. Tionchar na rogha tosaíochta
Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?
Buntáistí don chomhshaol: Laghdófar cuid shuntasach den sceitheadh neamhdhleathach dramhaíola ar muir agus cuirfear go mór leis an ngeilleagar ciorclach. Cé gur deacair na buntáistí don chomhshaol a mheas, is buntáistí suntasacha a bheidh iontu, mar a léiríonn an costas atá le hoibríochtaí glanta (ar an trá) agus an costas atá leis an dochar a dhéantar don earnáil iascaireachta. Buntáistí Eacnamaíochta: Laghdú measta EUR 286 000 ar chostais forfheidhmithe agus laghdú measta 6,5 milliún euro ar an ualach riaracháin. Buntáistí Sóisialta: Breis fostaíochta tuartha san earnáil bhainistíochta dramhaíola agus san earnáil turasóireachta; breis feasachta ar bhruscar muirí ó fhoinsí muirbhunaithe.
Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?

Costais chomhlíonta le scéimeanna glactha dramhaíola ar leithligh a bhunú i gcalafoirt, le saoráidí a sholáthar chun dramhaíl ó sciúrtóirí a ghlacadh, agus le táillí indíreacha 100 % a thabhairt isteach ar bhruscar.
- Costais oibríochta le scéimeanna dreasachta a oibriú, agus le comhairliúcháin a eagrú do ghlacadh/athbhreithniú pleananna glactha agus láimhseála dramhaíola.
Cén tionchar a imreofar ar FBManna agus ar an iomaíocht?
Is féidir go mbeidh deiseanna gnó agus tionchar ar iomaíocht ann: d' Oibreoirí PRF , ar FBMnna incháilithe cuid acu; don earnáil iascaireachta agus áineasa , atá comhdhéanta de FBMnna den chuid is mó.
An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?
Ní imreofar. Táthar ag súil go mbeidh teorainn leis na costais rialála agus go gcúiteofar na costais sin leis an bhfeabhas tuartha ar éifeachtúlacht.
An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?
Imreofar dea-thionchar ar nuálaíocht agus ar iomaíocht , go háirithe de bharr tuilleadh forbartha ar choincheap na loinge glaise agus de bharr feabhas ar bhainistíocht dramhaíola ag calafoirt.
Comhréireacht
Ní théann an rogha bheartais thosaíochta thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí beartais a ghnóthú.
D. Iarobair
Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?
Ba cheart go ndéanfaí athbhreithniú ar an Treoir athbhreithnithe 7 mbliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach, bunaithe ar chroítháscairí ar dhul chun cinn.